2025/754 25.7.2025

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/754 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Aibreán 2025

## lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha nós imeachta a shonrú le haghaidh fheidhmiú na cumhachta fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí maidir le hathbhreithneoirí seachtracha

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht ([1]), agus go háirithe Airteagal 63(10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun éifeachtach iomlán a thabhairt don cheart chun éisteacht a fháil, mar a ráthaítear in Airteagal 63(5) de Rialachán (AE) 2023/2631, maidir leis an duine atá faoi réir imscrúdú ag ESMA toisc go bhféadfadh sé go ndearna an duine sin ceann de na sáruithe a liostaítear in Airteagal 60(1) den Rialachán sin, ba cheart é a bheith de cheart aige barúlacha i scríbhinn a thabhairt laistigh de theorainn ama réasúnta 4 seachtaine ar a laghad sula gcuirfidh an t-oifigeach imscrúdúcháin a chinntí faoi bhráid ESMA. Ba cheart cead a thabhairt don duine sin cúnamh a fháil ó abhcóide dá rogha féin.

(2) Ba cheart do ESMA measúnú a dhéanamh ar iomláine an chomhaid arna chur isteach ag an oifigeach imscrúdúcháin bunaithe ar liosta doiciméad. Chun a áirithiú go bhfuil an duine atá faoi réir an imscrúdaithe in ann ullmhú go leordhóthanach chun é féin a chosaint, ba cheart do ESMA, sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach maidir le fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur, an ceart chun tuilleadh barúlacha i scríbhinn a thabhairt don duine sin.

(3) Le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2023/2631, cuirtear oibleagáid ar ESMA íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, *inter alia* i gcás ina ndiúltaíonn duine atá faoi réir imscrúdú géilleadh d'imscrúdú den sórt sin nó faisnéis arna hiarraidh ag ESMA a sholáthar. Chun ceart cosanta na ndaoine sin a ráthú go hiomlán, ba cheart do ESMA an deis a thabhairt don duine aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar maidir leis an ábhar atá faoi réir imscrúdú nó maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an íocaíocht phionósach thréimhsiúil sin iomchuí sa chás atá i gceist sula bhforchuirfear an pionós tréimhsiúil sin.

(4) Ba cheart an ceart chun cosanta a mheas i bhfianaise an ghá, faoi imthosca sonracha, atá ag ESMA gníomhú go práinneach. I gcás ina bhfuil údar le gníomhaíocht phráinneach de bhun Airteagal 64(2) de Rialachán (AE) 2023/2631, níor cheart an ceart chun cosanta atá ag an duine atá faoi réir an imscrúdaithe a bheith ina bhac ar ESMA bearta práinneacha a dhéanamh. Sa chás sin chun gardhamáiste suntasach don chóras airgeadais a chosc, ba cheart do ESMA a bheith in ann cinneadh eatramhach a ghlacadh gan deis a thabhairt don duine atá faoi réir an imscrúdaithe aighneachtaí a dhéanamh. Ba cheart do ESMA, tar éis dó an cinneadh eatramhach a ghlacadh agus sula nglacfar cinneadh deimhniúcháin, deis a thabhairt don duine éisteacht a fháil a luaithe is féidir.

(5) An chumhacht atá ag ESMA íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur, ba cheart í a fheidhmiú agus aird chuí á tabhairt ar an gceart chun cosanta agus níor cheart í a choinneáil thar an tréimhse is gá. I gcás ina ndéanfaidh ESMA cinneadh íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur, ba cheart, dá bhrí sin, deis a thabhairt don duine lena mbaineann éisteacht a fháil agus níor cheart aon íocaíocht phionósach a bheith dlite a thuilleadh ón nóiméad a chomhlíonann an duine lena mbaineann an cinneadh atá dírithe ag ESMA chuige.

([1]) IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj.

(6) Sna comhaid a ullmhóidh ESMA agus an t-oifigeach imscrúdúcháin beidh faisnéis atá fíor-riachtanach don duine lena mbaineann chun ullmhú le haghaidh imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Tar éis do dhuine atá faoi réir imscrúdú an fógra a fháil maidir le ráiteas cinntí ón oifigeach imscrúdúcháin nó ó ESMA, ba cheart don duine sin, dá bharr sin, a bheith i dteideal rochtain a fháil ar an gcomhad faoi réir leas dlisteanach daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Maidir le doiciméid de chuid an chomhaid a bhfaightear rochtain orthu, níor cheart a n-úsáid a cheadú ach amháin le haghaidh imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin i ndáil le sáruithe ar Rialachán (AE) 2023/2631.

(7) An chumhacht chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar aon leis an gcumhacht chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorfheidhmiú, ba cheart an dá chumhacht sin a fheidhmiú laistigh de thréimhse réasúnta ama agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith faoi réir tréimhse theorann. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, sna tréimhsí teorann le haghaidh fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur agus a fhorfheidhmiú, ba cheart reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a chur san áireamh, reachtaíocht is infheidhme maidir le pionóis a fhorchur agus a fhorfheidhmiú ar eintitis faoi mhaoirseacht agus taithí ESMA i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta sin a chur san áireamh freisin.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar na fíneálacha agus na pionóis thréimhsiúla a bhailítear a choimeád slán, ba cheart do ESMA na méideanna a fhaightear mar gheall ar na fíneálacha agus na pionóis thréimhsiúla sin a thaisceadh i gcuntais úsmhara a osclófar go heisiach chun críche fíneála aonair nó íocaíochta pionósaí tréimhsiúla. Mar cheist a bhaineann le stuamacht bhuiséadach, níor cheart do ESMA na méideanna a aistriú chuig an gCoimisiún go dtí go mbeidh na cinntí críochnaitheach de bharr na gceart chun achomhairc a bheith ídithe nó imithe i léig,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Rialacha nós imeachta maidir le himeachtaí um shárú os comhair an oifigigh imscrúdúcháin**

1. Tar éis don oifigeach imscrúdúcháin imscrúdú a chríochnú ar fhíorais a d'fhéadfadh a bheith ina sárú amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631 agus sula gcuirfidh sé a chomhad faoi bhráid ESMA ('ráiteas cinntí'), cuirfidh sé an duine atá faoi réir imscrúdú ar an eolas i scríbhinn maidir lena chinntí agus tabharfaidh sé an deis don duine sin aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh de bhun mhír 3 den Airteagal seo.

2. Leagfar amach sa dréachtráiteas cinntí na fíorais a d'fhéadfadh a bheith ina sárú amháin nó níos mó de na sáruithe a leagtar amach in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, beidh measúnú ann ar chineál agus ar thromchúis na bhfíoras sin, bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 59(3) den Rialachán sin.

3. Sa dréachtráiteas cinntí socrófar teorainn ama réasúnach 4 seachtaine ar a laghad don duine atá faoi réir imscrúdú a chuid aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar an oifigeach imscrúdúcháin iad a chur san áireamh.

4. Daoine atá faoi réir imscrúdú, féadfaidh siad na fíorais uile atá ábhartha dá chosaint a leagan amach ina gcuid aighneachtaí i scríbhinn agus, i gcás inar féidir, cuirfidh siad doiciméid i gceangal mar chruthúnas ar na fíorais sin. Féadfaidh daoine atá faoi réir imscrúdú a mholadh go ndéanfadh an t-oifigeach imscrúdúcháin éisteacht a thabhairt do dhaoine eile a d'fhéadfadh comhthacú leis na fíorais a leagtar amach ina gcuid aighneachtaí. Féadfaidh daoine atá faoi réir imscrúdú cúnamh a fháil ó abhcóide dá rogha féin agus a gcuid aighneachtaí i scríbhinn á n-ullmhú acu.

5. Maidir le daoine atá faoi réir imscrúdú ar díríodh ráiteas cinntí dá dtagraítear i mír 1 chucu, féadfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin iarraidh orthu freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh na daoine atá faoi réir imscrúdú cúnamh a fháil ó abhcóide dá rogha féin. Ní dhéanfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

6. Seolfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin an leagan críochnaitheach den ráiteas cinntí chuig an duine atá faoi réir imscrúdú.

*Airteagal 2*

**Rialacha nós imeachta atá le leanúint ag ESMA maidir le fíneálacha agus bearta maoirseachta**

1. Cuirfidh an t-oifigeach imscrúdúcháin na doiciméid seo a leanas faoi bhráid ESMA:

(a) an ráiteas cinntí agus cóip de a dhíreoidh an t-oifigeach imscrúdúcháin chuig an duine atá faoi réir an imscrúdaithe;

(b) cóip de na haighneachtaí i scríbhinn ón duine atá faoi réir an imscrúdaithe;

(c) na miontuairiscí ó aon éisteacht ó bhéal.

2. I gcás ina bhfuil comhad neamhiomlán, cuirfidh ESMA iarraidh réasúnaithe ar dhoiciméid bhreise faoi bhráid an oifigigh imscrúdúcháin.

3. I gcás ina measfaidh ESMA, maidir leis na fíorais a dtugtar tuairisc orthu i ráiteas cinntí an oifigigh imscrúdúcháin, nach sárú atá iontu ar na ceanglais a liostaítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, cinnfidh sé an cás a dhúnadh. Tabharfaidh ESMA fógra don duine atá faoi réir imscrúdú faoin gcinneadh sin an cás a dhúnadh.

4. I gcás ina n-aontóidh ESMA le cinntí uile an oifigigh imscrúdúcháin nó le cuid díobh, cuirfidh sé na daoine atá faoi réir imscrúdú ar an eolas faoi sin. Leis an gcumarsáid sin, socrófar teorainn ama dhá sheachtain ar a laghad i gcás ina n-aontóidh ESMA le cinntí uile an oifigigh imscrúdúcháin, agus ceithre seachtaine ar a laghad i gcás nach n-aontóidh ESMA leis na cinntí uile, agus laistigh den tréimhse sin féadfaidh an duine atá faoi réir imscrúdú aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

5. An duine atá faoi réir imscrúdú ar díríodh ráiteas cinntí chuige, féadfaidh ESMA iarraidh air freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh an duine atá faoi réir imscrúdú cúnamh a fháil ó abhcóide dá rogha féin. Ní dhéanfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

6. I gcás ina gcinneann ESMA go ndearna duine atá faoi réir imscrúdú ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631 agus ina nglacann sé cinneadh fíneáil a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 60 den Rialachán sin, tabharfaidh sé fógra don duine ar a bhforchuirtear an fhíneáil láithreach faoin gcinneadh sin.

*Airteagal 3*

**Rialacha nós imeachta maidir le himeachtaí um shárú atá le leanúint ag ESMA i dtaca le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla**

1. Sula bhforchuirfidh ESMA íocaíocht phionósach thréimhsiúil de bhun Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2023/2631, tabharfaidh sé ráiteas cinntí don duine atá faoi réir na n-imeachtaí, ráiteas ina leagfar amach na cúiseanna le híocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur agus ina sonrófar méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla in aghaidh gach lae a bheidh neamhchomhlíonadh i gceist. Sa ráiteas socrófar teorainn ama réasúnach 4 seachtaine ar a laghad ar laistigh di a fhéadfaidh an duine atá faoi réir na n-imeachtaí aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

2. Féadfaidh ESMA iarraidh ar an duine atá faoi réir na n-imeachtaí freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh an duine atá faoi réir na n-imeachtaí cúnamh a fháil ó abhcóide dá rogha féin. Ní dhéanfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

3. Le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, sonrófar an bunús dlí agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh, méid agus túsdáta na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla.

4. Ní fhorchuirfidh ESMA íocaíocht phionósach thréimhsiúil a thuilleadh nuair a bheidh an cinneadh ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2023/2631 comhlíonta ag an athbhreithneoir seachtrach nó ag an duine atá faoi réir na n-imeachtaí.

*Airteagal 4*

**Rialacha nós imeachta atá le leanúint ag ESMA i dtaca le cinntí eatramhacha maidir le bearta maoirseachta**

1. I gcás ina nglacann ESMA cinneadh eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 64(2) de Rialachán (AE) 2023/2631, tabharfaidh sé fógra láithreach faoin gcinneadh eatramhach sin don duine atá faoina réir. Socróidh ESMA teorainn ama réasúnach 4 seachtaine ar a laghad ar laistigh di a fhéadfaidh an duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an gcinneadh sin. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

2. Arna iarraidh sin air, deonóidh ESMA rochtain ar an gcomhad don duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh. Maidir le doiciméid de chuid an chomhaid, ní úsáidfear iad ach chun críoch imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/2631.

3. Féadfaidh ESMA iarraidh ar an duine atá faoi réir imscrúdú freastal ar éisteacht ó bhéal. An duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh, féadfaidh sé cúnamh a fháil ó abhcóide dá rogha féin. Ní dhéanfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

4. Déanfaidh ESMA cinneadh críochnaitheach dá dtagraítear in Airteagail 59(1), 60(1) agus 61(1) de Rialachán (AE) 2023/2631 a luaithe is féidir tar éis an cinneadh eatramhach a ghlacadh. I gcás ina measfaidh ESMA, tar éis dó éisteacht a thabhairt don duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh, go ndearna an duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh sárú a liostaítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, glacfaidh sé cinneadh deimhniúcháin lena bhforchuirfear ceann amháin nó níos mó de na bearta maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 59 den Rialachán sin. Tabharfaidh ESMA fógra faoin gcinneadh deimhniúcháin sin don duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh.

I gcás ina nglacfaidh ESMA cinneadh críochnaitheach nach ndeimhneofar an cinneadh eatramhach leis, measfar an cinneadh eatramhach a bheith aisghairthe.

*Airteagal 5*

**Rochtain ar an gcomhad agus úsáid doiciméad**

1. Arna iarraidh sin air, deonóidh ESMA rochtain ar an gcomhad don duine atá faoi réir an imscrúdaithe ar chuir an t-oifigeach imscrúdúcháin nó ESMA ráiteas cinntí chuige. Deonóidh ESMA an rochtain sin tar éis fógra a thabhairt faoi aon ráiteas cinntí.

2. Maidir le doiciméid de chuid an chomhaid a bhfaightear rochtain orthu, ní úsáidfidh an duine dá dtagraítear i mír 1 iad ach chun críoch imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/2631.

*Airteagal 6*

**Tréimhsí teorann chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur**

1. Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar athbhreithneoirí seachtracha agus ar dhaoine eile atá faoi réir imscrúdú, beidh siad faoi réir tréimhse teorann 5 bliana.

2. Is ar an lá tar éis an lae a dhéanfar an sárú a thosóidh an tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1. I gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, is ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú a thosóidh an tréimhse theorann sin.

3. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh ESMA chun críoch an imscrúdaithe nó chun críocha na n-imeachtaí i ndáil le sárú a liostaítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, brisfidh sí an tréimhse theorann i dtaca le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur. Brisfear an tréimhse theorann sin ón dáta a thabharfar fógra faoin ngníomhaíocht don athbhreithneoir seachtrach nó don duine atá faoi réir an imscrúdaithe i leith sárú ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2023/2631.

4. Mar gheall ar gach briseadh dá dtagraítear i mír 3, cuirfear tús le tréimhse theorann nua dá dtagraítear i mír 1. Rachaidh an tréimhse theorann nua sin in éag ar a dhéanaí an lá a bheidh tréimhse curtha isteach atá dhá oiread níos faide ná an tréimhse theorann bhunaidh gan aon fhíneáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith forchurtha ag ESMA le linn an ama sin. Cuirfear síneadh leis an tréimhse sin a bheidh cothrom leis an méid ama a mbeidh an tréimhse theorann ar fionraí lena linn de bhun mhír 5.

5. An tréimhse theorann chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, cuirfear ar fionraí í fad agus atá cinneadh ESMA faoi réir imeachtaí atá ar feitheamh os comhair an Bhoird Achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], nó atá faoi réir athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2023/2631.

*Airteagal 7*

**Tréimhsí teorann chun pionóis a fhorfheidhmiú**

1. Is faoi réir tréimhse theorann 5 bliana a bheidh an chumhacht atá ag ESMA cinntí a dhéantar de bhun Airteagail 60 agus 61 de Rialachán (AE) 2023/2631 a fhorfheidhmiú.

2. An tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1, is ar an lá tar éis an lae a dhéanfar cinneadh críochnaitheach den chinneadh a thosóidh sí.

3. An tréimhse theorann chun pionóis a fhorfheidhmiú, brisfear í mar gheall ar aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh ESMA atá ceaptha chun íocaíocht nó téarmaí agus coinníollacha íocaíochta na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú.

4. Mar gheall ar gach briseadh dá dtagraítear i mír 3, cuirfear tús le tréimhse theorann nua dá dtagraítear i mír 1.

5. Cuirfear an tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1 ar fionraí fad agus:

(a) a thabharfar am leordhóthanach chun íocaíocht a dhéanamh;

(b) a chuirfear forfheidhmiú na híocaíochta ar fionraí de bhun cinneadh atá ar feitheamh ó Bhord Achomhairc ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2023/2631.

*Airteagal 8*

**Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú**

1. Déanfaidh ESMA méideanna na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a thaisceadh i gcuntas úsmhar arna oscailt ag ESMA go dtí go mbeidh na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla sin críochnaitheach. Sa chás ina mbaileoidh ESMA an iliomad fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ag an am céanna, áiritheoidh ESMA go dtaiscfear na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha sin i gcuntais nó i bhfochuntais éagsúla. Ní iontrálfar fíneálacha ná íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla arna n-íoc i mbuiséad ESMA ná ní dhéanfar iad a thaifeadadh mar mhéideanna buiséadacha.

2. A luaithe a shuífidh ESMA gur críochnaitheach feasta iad na fíneálacha nó na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla tar éis ídiú na gceart achomhairc go léir, aistreoidh ESMA na méideanna sin móide aon ús a fhabhrófar orthu chuig an gCoimisiún Eorpach. Iontrálfar na méideanna sin i mbuiséad ginearálta an Aontais ansin.

3. Tuairisceoidh ESMA don Choimisiún go tráthrialta maidir le méideanna na bhfíneálacha agus méideanna na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirtear agus maidir lena stádas.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm agus beidh feidhm aige an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN